Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11114/26**

**ECOFIN 904**
**UEM 308**
**SOC 433**
**EMPL 235**
**COMPET 848**
**ENV 824**
**EDUC 290**
**ENER 446**
**JAI 884**
**GENDER 121**
**JEUN 164**
**SAN 522**
***EIB***
***ECB***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Bulgáire |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréacht-Mholadh thuasluaite ón gComhairle, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag coistí éagsúla de chuid na Comhairle agus mar a chuir an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais bailchríoch air, bunaithe ar thogra COM (2026) 202 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Bulgáire**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/9799 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

---

1 Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, chomh maith le heasnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Áirítear sa Seimeastar Eorpach, go háirithe, foirmliú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin.

(2) An 25 Samhain 2025, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár shainaithin an Coimisiún inti go bhfuil an Bhulgáir ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ina teannta sin, ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[2] an 21 Aibreán 2026, agus ghlac sí an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le caipiteal daonna an 9 Márta 2026.

(3) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann gur colúin chriticiúla ó thaobh an fháis eacnamaíoch inbhuanaithe de na trí riachtanas chlaochlaitheacha seo a leanas – an nuálaíocht, an dícharbónú agus an t-iomaíochas, agus an tslándáil. Ó foilsíodh é, tá an Compás Iomaíochais ina bhonn eolais d'obair an tSeimeastair Eorpaigh, agus áirítear leis go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Aontais, rud fhágann go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

---

[2] IO C, C/2026/2434, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2434/oj.

(4) In 2026, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis i gcomhthráth leis an gcéim dheiridh de chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta[3]. Pleananna téarnaimh agus athléimneachta, mar aon le cistiú faoin mbeartas comhtháthaithe, bhí siad ríthábhachtach maidir leis na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é gur ghá aghaidh a thabhairt go héifeachtach sna pleananna ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le linn na dtimthriallacha a bhí ann le déanaí, nó ar sciar nach beag de na dúshláin sin, agus gur ghá moltaí tírshonracha a chur san áireamh sna cláir a cistíodh faoin mbeartas comhtháthaithe Eorpach. Agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag druidim le deireadh a saolré, tá sé ríthábhachtach i gcónaí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a dtacaítear leo agus a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a choinneáil ar bun agus tógáil orthu, go háirithe iad siúd a rannchuidíonn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha.

(5) An 3 Meitheamh 2026, d’fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2026 don Bhulgáir. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an mBulgáir ó thaobh aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha 2025 agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Bulgáire a mheas. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an mBulgáir. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Bulgáire ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna, laghdú na bochtaineachta agus laghdú an eisiata shóisialta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

---

3 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

(6) An 20 Meitheamh 2025, tar éis an mheasúnaithe agus an mholta ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Bulgáire[4]. Cumhdaítear leis an bplean an tréimhse ó 2025 go dtí 2028 agus cuirtear i láthair ann coigeartú fioscach thar 4 bliana. Mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas: 6,2 % in 2025, 4,9 % in 2026, 4,4 % in 2027 agus 4,0 % in 2028, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir na bonnbhliana 2024, mar atá 6,2 % in 2025, 11,4 % in 2026, 16,3 % in 2027 agus 21 % in 2028.

(7) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa nach beag ar chaiteachas cosanta a bhaint amach[5] agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025. Tar éis iarraidh a fháil ón mBulgáir, an 8 Iúil 2025, agus ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena gceadaítear don Bhulgáir imeacht ó uasrátaí fáis molta an ghlanchaiteachais[6]. Le linn na tréimhse ina ngníomhachtófar an clásal éalaithe náisiúnta (2025-2028), beidh an Bhulgáir in ann tosaíocht a thabhairt an athuair do chaiteachas rialtais nó ioncam rialtais a mhéadú ionas nach gcuirfí an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma i ngeall ar chaiteachas níos airde go marthanach ar an gcosaint.

---

4 Moladh ón gComhairle an 20 Meitheamh 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Bulgáire, (IO C, C/2025/3700, 20.8.2025, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2025/3700/oj).

5 Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Freastal ar chaiteachas cosanta méadaithe laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis', an Bhruiséil, an 19 Márta 2025, C(2025) 2000 final.

6 Moladh ón gComhairle an 8 Iúil 2025 lena gceadaítear don Bhulgáir imeacht ó na huasrátaí fáis glanchaiteachais mar atá leagtha síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú) (IO C, C/2025/3961, 20.8.2025, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2025/3961/oj).

(8) An 30 Aibreán 2026, chuir an Bhulgáir Tuarascáil Bhliantúil 2026 ar Dhul Chun Cinn[7] isteach maidir le cloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a moladh agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. Mar sin féin, níor soláthraíodh aon sonraí fioscacha le haghaidh 2026. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na Bulgáire i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

(9) In 2025, ba é 3,1 % a bhí san fhás fíor-OTI agus ba é 3,5 % a bhí i mboilsciú ICPT. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 2,5 % in 2026 agus faoi 2,2 % in 2027, agus go mbeidh boilsciú ICPT 4,2 % ann in 2026 agus 2,6 % in 2027.

(10) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[8], tháinig méadú ar easnamh rialtais ghinearálta na Bulgáire ó easnamh 3 % de OTI in 2024 go heasnamh 3,5 % de OTI in 2025. Den chuid is mó, is léiriú é an méadú ar an gcóimheas fiachais in 2025 ar thionchar carnach na méaduithe ar thuarastail na hearnála poiblí, go háirithe i réimsí na cosanta agus na slándála, agus na méaduithe ar chaiteachas sóisialta, lena n-áirítear innéacsuithe uathoibríocha pinsean, an méadú ar an infheistíocht phoiblí arna maoiniú go náisiúnta, ar chaiteachas úis agus ar dheontais infheistíochta in Bulgarian Energy Holding. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta faoi scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún easnamh 4,1 % de OTI in 2026 agus 4,3 % in 2027. Léiríonn na méaduithe in 2026 agus in 2027 den chuid is mó na méaduithe struchtúracha leanúnacha ar phá na hearnála poiblí agus ar shochair shóisialta in éagmais bearta cúitimh.

---

[7] Tá Tuarascálacha Bliantúla 2026 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en.

[8] Táscairí Eurostat-Euro, an 22 Aibreán 2026.

(11) Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach[9], lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí staid fhioscach fhorleathnaitheach ann in 2025, mar atá 2,3 % de OTI. Réamh-mheastar go mbeidh sé forleathnaitheach, faoi 1,0 % de OTI, in 2026, agus crapthach, faoi 1,6 % de OTI, in 2027.

(12) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[10], tháinig méadú ar fhiachas rialtais ghinearálta na Bulgáire ó 23,8 % de OTI ag deireadh 2024 go 29,9 % de OTI ag deireadh 2025. Is léiriú é an méadú ar an gcóimheas fiachais in 2025 ar insealltaí caipitil in Bulgarian Energy Holding agus i mBanc Forbartha na Bulgáire, den chuid is mó. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go méadóidh an cóimheas fiachais-OTI go 32,3 % faoi dheireadh 2026 agus go méadóidh sé a thuilleadh go 35,5 % faoi dheireadh 2027.

(13) Ar bhonn sonraí ó Eurostat[11], 1,9 % de OTI a bhí i gcaiteachas iomlán rialtais ghinearálta na Bulgáire ar chosaint in 2025. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh sé ag an leibhéal céanna in 2026. Comhfhreagraíonn sé sin do mhéadú 0,6 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid leis an mbliain thagartha 2024[12].

---

9 Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an acmhainneacht fáis mheántéarmaigh agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

10 Táscairí Eurostat-Euro, an 22 Aibreán 2026.

11 Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

12 Tá sainmhíniú ECAT ar chaiteachas cosanta éagsúil leis an sainmhíniú atá ag COFOG ar chosaint. Thairis sin, d'fhéadfadh difríochtaí a bheith ann i ngeall ar am taifeadta an chaiteachais, go háirithe maidir le trealamh míleata, ós rud é nach leanann tuairisciú ECAT rialacha na gcuntas náisiúnta maidir le ham an taifeadta.

(14) Tá rioscaí fós roimh an Aontas maidir le suaitheadh sa soláthar fuinnimh agus luaineacht ardaithe praghsanna, rud atá níos measa mar gheall ar theannas geopholaitiúil a dhéanann difear do mhargaí domhanda ola agus gáis. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim fuinnimh 2022-2023 go mbaineann costais fhioscacha mhóra le bearta leathana neamh-spriocdhírithe agus go bhfuil siad neamhéifeachtúil go sóisialta agus go heacnamaíoch. Ó thosaigh an cogadh sa Mheánoirthear i mí Feabhra 2026, tá bearta beartais fhioscaigh glactha ag an mBulgáir chun an tionchar atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí a mhaolú [13]. Is cabhair mhíosúil spriocdhírithe iad do ghrúpaí ar ioncam íseal go dtí mí an Mheithimh 2026 agus fóirdheontais spriocdhírithe d'iompróirí iompair paisinéirí a fhreastalaíonn ar lonnaíochtaí beaga le haghaidh 2026. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gur níos lú ná 0,1 % de OTI a bheidh i gcostas fioscach na mbeart sin in 2026. De réir mheastacháin an Choimisiúin, dá bhfágfaí na bearta sin chun feidhm a bheith acu go dtí deireadh 2026, is 0,1 % de OTI an costas fioscach cothrom a bheadh ann in 2026.

(15) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, tháinig méadú 12,3 % ar ghlanchaiteachas sa Bhulgáir in 2025. Tá an fás glanchaiteachais in 2025 os cionn an uasráta fáis a mholtar, agus comhfhreagraíonn an ráta sin do dhiall 2,1 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus an tsolúbthacht le haghaidh caiteachas cosanta níos airde dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta á cur san áireamh, is 1,4 % de OTI atá i ndiall carnach an ghlanchaiteachais.

(16) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas sa Bhulgáir faoi 5,5 % in 2026, agus gur fás carnach 18,5 % a bheidh ann le linn 2025 agus 2026. Tá an fás glanchaiteachais réamh-mheasta in 2026 os cionn an uasráta fáis a mholtar, agus comhfhreagraíonn an ráta sin do dhiall 0,2 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, beidh an ráta réamh-mheasta fáis carnach an ghlanchaiteachais os cionn an uasráta fáis a mholtar freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 2,2 % de OTI i dtéarmaí carnacha. Agus an tsolúbthacht le haghaidh caiteachas cosanta níos airde dá bhforáiltear leis an gclásal éalaithe náisiúnta, agus 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, is 1,6 % de OTI atá i ndiall carnach réamh-mheasta an ghlanchaiteachais.

---

[13] Is léiriú é sin ar an gcás ag scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún (an 4 Bealtaine 2026).

(17) An 3 Meitheamh 2026, ghlac an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) CFAE[14]. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar staid na Bulgáire maidir leis an gcritéar easnaimh. In 2025 bhí an t-easnamh faoi bhun 3 % de OTI agus an méadú ar chaiteachas cosanta ó bhí 2024 ann faoin gclásal éalaithe náisiúnta le haghaidh cosanta á chur san áireamh. Ar bhonn Réamhaisnéis Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go sáróidh an t-easnamh an luach tagartha 3 % de OTI in 2026 freisin tar éis an méadú ar chaiteachas cosanta ó bhí 2024 ann a mheas. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil, agus na tosca ábhartha uile á gcur san áireamh de réir mar is iomchuí, go meastar nach bhfuil an critéar easnaimh comhlíonta ag an mBulgáir. I bhfianaise an mhéid sin, agus tar éis breithniú a dhéanamh ar an tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais a bunaíodh faoi Airteagal 126(4) CFAE, mhol an Coimisiún tús a chur le nós imeachta um easnamh iomarcach, trína mholadh don Chomhairle Cinneadh a ghlacadh faoi Airteagal 126(6) lena suitear gurb ann d'easnamh iomarcach mar gheall ar neamhchomhlíonadh an chritéir easnaimh in 2026. An [DÁTA], ghlac an Chomhairle Cinneadh mar sin don Bhulgáir[15], mar aon le Moladh[16] faoi Airteagal 126(7) CFAE d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh.

---

14 Tuarascáil ón gCoimisiún, arna hullmhú i gcomhréir le hAirteagal 126(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, 3.6.2026, COM(2026) 302 final.

15 Cinneadh (AE) 2026/[IO: cuir isteach] ón gComhairle an [DÁTA] maidir le heasnamh iomarcach a bheith ann sa Bhulgáir, (IO [cuir isteach tagairtí ábhartha IO].

16 Moladh ón gComhairle d'fhonn deireadh a chur le staid an easnaimh iomarcaigh sa Bhulgáir, arna ghlacadh an [DÁTA]. Is féidir teacht ar na doiciméid uile a bhaineann le nós imeachta na Bulgáire um easnamh iomarcach ag: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-governance-framework/stability-and-growth-pact/corrective-arm-excessive-deficit-procedure/excessive-deficit-procedures-overview/Bulgaria_en.

(18) Tá dhá dhúshlán roimh an mBulgáir maidir le hinbhuanaitheacht a hairgeadais phoiblí a chosaint agus cothroime agus éifeachtacht a córais cánach a fheabhsú an tráth céanna. Ceann de phríomhghnéithe an chórais is ea an ráta comhréidh cánach ioncaim 10 %, arna chur i bhfeidhm gan liúntas saor ó cháin in éineacht le ranníocaíochta slándála sóisialta a bhfuil uasteorainn leo, a mbíonn de thoradh orthu go ndáiltear an t-ualach cánach ar bhonn cúlchéimnitheach agus dá bharr, go mbíonn saothraithe ardioncaim ag féachaint ar dhing chánach atá beagán níos ísle ná saothraithe ar ioncam íseal. Le blianta beaga anuas, tá méadú tagtha ar chaiteachas poiblí, go háirithe i réimsí na bpinsean agus phá na hearnála poiblí. Is minic a maoiníodh na méaduithe sin trí bhearta gearrthéarmacha nó ad hoc seachas trí bhearta struchtúracha cobhsaí. Laghdaigh sé sin intuarthacht an bheartais fhioscaigh agus mhéadaigh sé rioscaí fioscacha, go háirithe de réir mar atá brúnna breise ar chaiteachas struchtúrach ag teacht chun cinn. Ag féachaint chun cinn, meastar go mbeidh ról lárnach ag forbairtí déimeagrafacha. Cuirfidh aosú an daonra brú leanúnach ar chaiteachas sóisialta, go háirithe an caiteachas ar phinsin agus ar chúram sláinte, ar nithe iad a bhfuil dúshláin leordhóthanachta rompu freisin. An tráth céanna, is dócha go gcuirfidh caiteachas breise a bhaineann le cumais chosanta náisiúnta agus chomhchoiteanna a neartú brú breise ar an airgeadas poiblí. In éagmais coigeartuithe beartais, fágfaidh na tosca sin go mbeidh sé níos deacra smacht fioscach a choinneáil ar bun. Tá dúshláin struchtúracha leanúnacha roimh an mBulgáir freisin ó thaobh ioncaim de. Tá ioncam cánach, mar sciar de OTI, fós go mór faoi bhun mheán an Aontais, rud a chuireann srian ar chumas na tíre seirbhísí poiblí agus infheistíocht a mhaoiniú. Déantar bailiú ioncaim a lagú a thuilleadh mar gheall ar leibhéil arda riaráistí cánach. Ina theannta sin, tá ceann de na geilleagair dhubha mheasta is mó san Aontas Eorpach ag an mBulgáir, rud a bhaineann an bonn de chomhlíonadh cánach agus a chuireann teorainn lena hacmhainneacht ioncaim.

(19) Rannpháirtíocht chórasach fhóinteach thráthúil na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile, is den rítábhacht í i gcónaí má táthar le húinéireacht leathan a áirithiú i leith chur chun feidhme rathúil ionstraimí cistiúcháin an Aontais, agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(20) Sa Bhulgáir, tá ag éirí go maith le cur chun feidhme cláir beartais comhtháthaithe, lena gcuimsítear tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC), ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus ón gCiste Comhtháthaithe (CC), go háirithe maidir le roghnú tionscadal. Tá sé tábhachtach leanúint de na hiarrachtaí chun cur chun feidhme tapa na gclár sin a áirithiú, agus a dtionchar ar an láthair á uasmhéadú an tráth céanna. An tráth céanna, ní mór don Bhulgáir dlús a chur le cur chun feidhme an Chiste um Aistriú Cóir (CUAC) ós rud é go bhfuil acmhainní le heisíoc faoi dheireadh 2026. Na hinfheistíochtaí nua a shainaithin an Bhulgáir ina hathbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais comhtháthaithe, go háirithe na hinfheistíochtaí sin a bhaineann leis na cúig thosaíocht a sainaithníodh sa Rialachán maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma[17], tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar iad a chur in úsáid go tapa agus go héifeachtach.

(21) Tá dúshláin roimh réigiúin thoir na Bulgáire a chuireann bac ar a n-ionchais don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta toisc gur géaraíodh ar na dúshláin struchtúracha atá ann cheana. De dheasca thionchar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, méadaítear an brú slándála, cuirtear isteach ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha trasteorann agus laghdaítear tarraingteacht na hinfheistíochta.

(22) Tá roinnt dúshlán roimh an mBulgáir a bhaineann le feidhmiú agus acmhainneacht an riaracháin phoiblí agus an rialachais fhonáisiúnta, digiteáil na seirbhísí poiblí, creat an cheartais agus chomhrac an éillithe, soláthar poiblí agus cáilíocht rialála, an leibhéal taighde agus nuálaíochta, dícharbónú an chórais fuinnimh agus na tionsclaíochta, an bhochtaineacht fuinnimh, iompar agus nascacht, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, ganntanais lucht saothair agus ganntanais scileanna, cuimsiú sóisialta agus cúram sláinte.

[17] Rialachán (AE) 2025/1914 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma.

(23) Tá srianta acmhainneachta fós ar an riarachán poiblí, go háirithe ar an leibhéal fonáisiúnta, agus is cosúil go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí chun ionchais na saoránach agus na ngnólachtaí a chomhlíonadh. Is ag an mBulgáir atá an sciar is ísle de státseirbhísigh atá rannpháirteach san fhoghlaim aosach, rud a chuireann bac ar fhorbairt scileanna ar an leibhéal náisiúnta agus fonáisiúnta araon. Ina theannta sin, bíonn deacrachtaí leanúnacha ag bardais saineolaithe cáilithe a mhealladh agus a choinneáil chun tionscnaimh agus tionscadail arna gcistiú ag an Aontas a chur chun feidhme, rud a chruthaíonn dúshláin maidir le cistí an Aontais a bhainistiú. Cruthaíonn ilroinnt na bpróiseas rialachais agus pleanála ar an leibhéal fonáisiúnta srianta breise maidir le tionscadail arna gcistiú ag an Aontas a bhainistiú go héifeachtach, agus maidir le tosaíochtaí a ailíniú laistigh de straitéis chríochach níos leithne. Tá níos mó seirbhísí poiblí digiteacha ar fáil anois agus baineann gnólachtaí agus saoránaigh úsáid rialta astu, ach níor baineadh leas iomlán as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an mbonneagar rialtais digiteach mar gheall ar ardchastacht riaracháin agus leibhéal so-úsáidteachta íseal don úsáideoir. Chun na heasnaimh sin a leigheas, is iad na príomhthosaíochtaí atá fágtha idir-inoibritheacht a áirithiú ar fud na leibhéal rialtais, sreafaí oibre inmheánacha a shimpliú agus a dhigitiú, agus soláthar seirbhísí poiblí ar líne ó cheann go ceann a leathnú. Tá iarrachtaí ar siúl chun rialáil a shimpliú, uirlisí rialála a fheabhsú agus an t-ualach riaracháin a laghdú, ach níor tháinig torthaí nithiúla as na n-iarrachtaí sin go fóill. Bíonn tionchar ag bacainní rialála agus riaracháin ar an margadh aonair ar thrádáil earraí laistigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (lena n-áirítear slabhraí lóistíochta trasteorann), ar sholáthar seirbhísí gairmiúla agus ar bhunú ghnólachtaí.

(24) Tá sé ríthábhachtach i gcónaí ionchúiseamh an éillithe a neartú chun timpeallacht eacnamaíoch chobhsaí intuartha a choinneáil ar bun agus í bunaithe ar an smacht reachta. Níl cuntas teiste láidir leagtha síos ag an mBulgáir go fóill maidir le héilliú a imscrúdú agus a ionchúiseamh, go háirithe i gcásanna éillithe ardleibhéil. Leis an gcreat dlíthiúil lena rialaítear coimisiún in aghaidh an éillithe, a tugadh isteach in 2023, níor áirithíodh neamhspleáchas polaitiúil an chomhlachta, agus aisghaireadh é in 2026, sula bhféadfaí bainistíocht nua an choimisiúin in aghaidh an éillithe a cheapadh. Tá roinnt beart déanta ag an mBulgáir i ndáil le creat athbhreithnithe in aghaidh an éillithe, lena n-áirítear dlí nua maidir le gníomhú in aghaidh an éillithe i measc daoine a shealbhaíonn oifig phoiblí. Ina theannta sin, tá neamhspleáchas agus feidhmiú éifeachtach na hArdchomhairle Breithiúnaí, mar chomhlacht féinrialachais na mbreithiúna, ríthábhachtach d’fheidhmiú cuí na gcúirteanna agus oifig an ionchúisitheora araon, go háirithe i gcásanna éillithe ardleibhéil. Tá an Ardchomhairle Bhreithiúnach ag feidhmiú le sainordú atá imithe in éag ó bhí 2022 ann, rud a bhfuil tionchar diúltach aige ar a dlisteanacht agus a chuireann cosc uirthi cuid dá feidhmeanna a fheidhmiú, amhail Ard-Ionchúisitheoir nua a cheapadh. I bhfianaise ról ceannasach oifig an ionchúisitheora maidir le himscrúduithe coiriúla a dhéanamh, d’fhéadfaí tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na hiarrachtaí in aghaidh an éillithe sa tír trí aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a bhaineann le feidhmiú na hArdchomhairle Breithiúnaí.

(25) Tá rialachas struchtúrach agus laigí cur chun feidhme sa soláthar poiblí fós ag cur srian ar an iomaíochas. Leis an méadú atá ag teacht ar an sciar de luchtóga agus de nósanna imeachta a dhámhtar go díreach gan ach tairgeoir amháin ann, agus líon suntasach conarthaí nár éirigh leo nó a cuireadh ar ceal, díspreagtar rannpháirtíocht agus lagaítear an mhuinín agus an dearcadh a bhíonn ag gnólachtaí ar chothroime. Cé gur cuireadh roinnt feabhsuithe nós imeachta chun feidhme faoin bPlean Téarnaimh agus Athléimneachta, tá gá le hathbhreithniú breise ar an struchtúr rialachais, le coimircí agus comhar idir comhlachtaí soláthair phoiblí a neartú, agus le hacmhainneacht agus saineolas méadaithe na ngníomhaireachtaí ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin struchtúracha. Rinne an Bhulgáir roinnt beart chun sainorduithe údarás rialála áirithe a athnuachan, ach níor tugadh aghaidh fós ar ábhair imní atá ann maidir lena neamhspleáchas. Cuireann srianta acmhainní agus tionchar polaitiúil míchuí bac ar cháilíocht a n-aschur rialála. Tá coimircí neamhleora fós ann maidir le neamhspleáchas comhlachtaí rialála ó rannpháirtithe sa mhargadh, go háirithe in earnálacha amhail fuinneamh, ina bhfuil tionchar suntasach ag fiontair faoi úinéireacht stáit. Maidir leis an gceartas, tá imní fós ann maidir le feidhmiú na Cigireachta chuig an Ardchomhairle Bhreithiúnach agus maidir leis an mbaol go mbeidh tionchar polaitiúil ann, ós rud é go ndeachaigh a sainordú in éag in 2020 agus nach ndearna athnuachan air.

(26) Tá dúshláin shuntasacha fós roimh chóras taighde agus nuálaíochta na Bulgáire, toisc infheistíocht phoiblí agus phríobháideach T&F íseal, í i bhfad faoi bhun mheáin an Aontais, agus tírdhreach institiúideach ilroinnte a chuireann teorainn le héifeachtacht, mar a leagtar amach sa tuarascáil maidir leis an tsaoráid tacaíochta beartais. D’ainneoin dul chun cinn sa chreat rialachais, lena n-áirítear tríd an Dlí maidir le Taighde agus Nuálaíocht a ghlacadh agus tríd an gComhairle Nuálaíochta agus Taighde a bhunú, tá gá fós le cur chun feidhme comhsheasmhach soiléir. Ina theannta sin, tá sainorduithe institiúideacha na heagraíochtaí taighde agus institiúidí ardoideachais fós doiléir, agus tá gníomhaíochtaí taighde ró-chomhchruinnithe i réigiún na príomhchathrach, rud a chuireann le héagothromaíochtaí réigiúnacha. Cé go ndearnadh roinnt feabhsuithe, cuirtear bac ar thráchtálú aschuir taighde mar gheall ar naisc laga idir an saol acadúil agus gnólachtaí, agus éiceachóras aistrithe teicneolaíochta beagfhorbartha. Cé go dtacaíonn cistí an bheartais chomhtháthaithe le mol nua aistrithe teicneolaíochta, agus go bhfuil feabhas ag teacht de réir a chéile ar aistriú digiteach FBManna, tá gá le méadú in infheistíocht phoiblí agus phríobháideach T&F, é sin agus sainorduithe institiúideacha níos soiléire agus sásraí tráchtálaithe neartaithe, chun borradh a chur faoin tionchar nuálaíochta.

(27) Tá praghsanna mórdhíola leictreachais na Bulgáire fós i measc na bpraghsanna is airde san Aontas. Cé go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta maidir le spleáchas ar bhreoslaí iontaise i nginiúint leictreachais a laghdú, a bhuí le deireadh a chur de réir a chéile le comhaontuithe ceannaithe cumhachta agus le hoibleagáidí seirbhíse poiblí a thacaíonn go díreach le gléasraí cumhachta gualbhreoslaithe, tá córas leictreachais na Bulgáire fós ag brath ar na gléasraí sin chun freastal ar an éileamh. Ní raibh rolladh amach acmhainneachtaí gaoithe ar tír ná amach ón gcósta coibhéiseach le himscaradh suntasach na n-acmhainneachtaí giniúna gréine d’ainneoin na hacmhainneachta atá ann cheana sa Bhulgáir. Le himscaradh ionchasach acmhainneachtaí móra stórála ceallraí is féidir soláthar leictreachais níos solúbtha agus níos dícharbónaithe a cheadú, má chomhcheanglaítear é le neartú na n-eangach dáileacháin a bhfuil uasghráduithe agus acmhainneacht bhreise de dhíth orthu. Dá gcuirfí feabhas ar sholúbthacht an éilimh bheadh praghsanna miondíola do theaghlaigh níos freagrúla do chomharthaí praghais mórdhíola agus dhéanfaí tuilleadh forbartha ar mhéadrú cliste. Tá gá le soláthar agus éileamh solúbtha chun an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus chun an córas leictreachais a dhícharbónú, rud a fhágfaidh go mbeidh praghsanna leictreachais níos inacmhainne ann le giniúint bhreise foinse fuinnimh in-athnuaite / ísealcharbóin agus le heangacha feabhsaithe. Cuimsíonn Bulgarian Energy Holding fiontair Bhulgáracha atá faoi úinéireacht stáit a bhaineann le giniúint ísealcharbóin (fuinneamh núicléach, hidreachumhacht); sócmhainní breosla iontaise (gléasra cumhachta gualbhreoslaithe agus mianadóireacht guail, chomh maith le sócmhainní gáis nádúrtha); agus sócmhainní rialáilte – oibreoirí córais tarchuir, ní mór é a athchóiriú chun feabhas a chur ar a thrédhearcacht agus chun deireadh a chur leis na hábhair imní maidir le tras-fhóirdheonú sócmhainní guail. Leis an athchóiriú sin, bheadh sócmhainní rialáilte — go háirithe oibreoirí córais tarchurtha leictreachais — in ann díriú ar a bpríomhghnó agus tacú leis an aistriú ó ghníomhaíochtaí guail agus, dá bhrí sin, an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú.

(28) Tá córais téimh ceantair sa Bhulgáir fós ag brath ar ghás nádúrtha agus ar bhreoslaí eile a astaíonn gás ceaptha teasa. Tá dul chun cinn déanta maidir le deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breosla iontaise le haghaidh táirgeadh leictreachais, ach fóirdheontais a dhírítear ar théamh ceantair nach bhfuil sé beartaithe deireadh a chur leo de réir a chéile roimh 2030, níor tugadh aghaidh orthu go fóill. Fóirdheontais breosla iontaise nach ndíríonn ar bhochtaineacht fuinnimh ná nach dtugann aghaidh ar fhíorábhair imní maidir le slándáil fuinnimh, a chuireann bac ar leictriú agus nach bhfuil ríthábhachtach don iomaíochas tionsclaíoch, d'fhéadfaí tús áite a thabhairt do na fóirdheontais sin chun deireadh a chur leo de réir a chéile. Le taraifí ar sholáthar leictreachais le haghaidh gléasraí teasa agus cumhachta in éineacht a sholáthraíonn líonraí téimh ceantair, cuirtear fad le hinmharthanacht gheilleagair na giniúna teasa atá bunaithe ar bhreosla iontaise agus cuirtear moill ar nuachóiriú sócmhainní giniúna agus gréasáin de réir ardchaighdeáin éifeachtúlachta. Dá ndéanfaí athchóiriú ar na taraifí sin, shaorfaí spás fioscach a d'fhéadfaí a atreorú i dtreo téamh ceantair a dhícharbónú agus i dtreo tacaíocht spriocdhírithe do theaghlaigh atá bocht ó thaobh fuinnimh de.

(29) Is dúshlán struchtúrach fós í an bhochtaineacht fuinnimh sa Bhulgáir, mar gheall ar easpa sásraí tacaíochta atá dírithe ar na daoine is mó atá i ngátar, rud a fhágann go bhfuil sciar na ndaoine nach bhfuil in ann a dtithe a choinneáil te go leor, tá an sciar sin i bhfad os cionn mheán an Aontais. Tá tacaíocht dírithe faoi láthair ar bhearta leathana, amhail praghsanna leictreachais miondíola rialáilte atá íseal go huilíoch agus taraifí ar sholáthar leictreachais le haghaidh gléasraí teasa agus cumhachta in éineacht a sholáthraíonn líonraí téimh ceantair, ach mar sin féin tá moill fós ar chúnamh spriocdhírithe. Fágann úsáid neamhéifeachtúil sin na n-acmhainní fioscacha na teaghlaigh is leochailí neamhchosanta, rud a chuireann i dtábhacht an gá atá le dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh trí bhearta beartais leordhóthanacha spriocdhírithe a cheapadh.

(30) D'ainneoin dul chun cinn teoranta maidir le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh in earnáil na tionsclaíochta, tá sé ríthábhachtach i gcónaí tomhaltas fuinnimh úsáideoirí tionsclaíocha a laghdú a thuilleadh, ós rud é go bhfuil déine fuinnimh earnáil monaraíochta na Bulgáire fós i measc na gceithre cinn is airde san Aontas. Ina theannta sin, sciar suntasach d'astaíochtaí gás ceaptha teasa tionsclaíocha (45 %, i gcomparáid le meán an Aontais 35 %), eascraíonn sé as próisis nach mbaineann le fuinneamh, rud a léiríonn an gá atá le bearta cuimsitheacha dícharbónaithe sa bhreis ar éifeachtúlacht fuinnimh amháin. Dá gcuirfí dlús leis an dícharbónú tionsclaíoch – go háirithe in earnálacha monaraíochta ardastaíochtaí – chuideofaí le feabhas a chur ar an iomaíochas agus, an tráth céanna, laghdófaí an spleáchas ar acmhainní agus ar fhuinneamh atá dian ar gháis ceaptha teasa.

(31) Tá an t-iompar fós i measc na n-earnálacha a raibh an astaíocht GCT is airde acu sa Bhulgáir in 2023, agus tá glacadh feithiclí leictreacha fós i bhfad faoi bhun mheán an Aontais, ag ráta 0,56 % in 2024. Tá imscaradh an bhonneagair athluchtaithe mall, agus tá níos lú ná 15 % den bhonneagar athluchtaithe leictrigh sainordaithe do 2030 imscartha. Bíonn dúshláin nascachta ann mar thoradh ar easpa bonneagair iompair phoiblí, go háirithe i réigiún an Tuaiscirt. Tá gá le tuilleadh gníomhaíochta chun dlús a chur le hinfheistíochtaí bonneagair san iompar poiblí, chun bonneagar iarnróid a nuachóiriú, lena n-áirítear le leictriú ERTMS, agus chun bonneagar athluchtaithe d’fheithiclí leictreacha a leathnú, agus bearta sábháilteachta ar bhóithre á bhforfheidhmiú go héifeachtach agus feabhas á chur ar nascacht réigiún an Tuaiscirt agus thar theorainneacha, trí TEN-T a thabhairt chun críche.

(32) Tá an Bhulgáir fós leochaileach do rioscaí aeráide atá ag dul i méid (go háirithe tuilte, triomaigh agus leibhéil uisce atá ag laghdú), rud a chruthaíonn dúshláin d’athléimneacht eacnamaíoch agus shochaíoch na tíre. Tá leochaileachtaí arda an bhonneagair iompair á nochtadh ag an athrú aeráide. Tá bonneagar cháilíocht an uisce fós lag, agus caillteanais an-ard agus comhlíonadh cóireála fuíolluisce i bhfad faoi bhun cheanglais an Aontais, rud a léiríonn easnaimh leanúnacha i mbainistiú uisce agus dramhaíola. Leis an gcreat náisiúnta um oiriúnú, cuirtear bunús le haghaidh gníomhaíochta, ach tá a chur chun feidhme fós míchothrom mar gheall ar rialachas aeráide ilroinnte agus laigí institiúideacha níos leithne, lena n-áirítear easpa measúnuithe riosca aeráide éigeantacha. Is é is aidhm do ghníomhaíochtaí breise, lena n-áirítear roinnt gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón mbeartas comhtháthaithe, feabhas a chur ar bhonneagar uisce agus dramhaíola agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a neartú. Mar sin féin, tá an infheistíocht fós faoi bhun mheáin an Aontais, agus tá glacadh réiteach dúlrabhunaithe agus cumhdach árachais in aghaidh rioscaí a bhaineann leis an aeráid fós teoranta, rud a chuireann srian ar úsáid inbhuanaithe acmhainní agus ar athléimneacht fhoriomlán, lena n-áirítear athléimneacht éiceachóras muirí.

(33) I bhfianaise ról ríthábhachtach an chaipitil dhaonna maidir le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú, mhol an Chomhairle in 2026 go ngníomhódh na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar dhúshláin struchtúracha a bhaineann le caipiteal daonna i réimsí na scileanna, an oideachais agus na hoiliúna, ar dúshláin iad a chuireann bac ar an iomaíochas. Na moltaí tírshonracha atáthar a dhíriú chuig an mBulgáir in 2026, d'fhéadfaidís a bheith ina gcuidiú ó thaobh chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas.

(34) Léiríonn feidhmíocht lag na Bulgáire i mbunscileanna dúshláin struchtúracha a chuireann srian ar fhorbairt an chaipitil dhaonna agus ar an iomaíochas. Thart ar leath de dhaoine 15 bliana d'aois sa Bhulgáir, ní bhaineann siad amach inniúlacht íosta i mbunscileanna, ráta atá thart ar dhá oiread mheán an Aontais. Tá nasc idir tearcfheidhmíocht agus dúshláin i gcuraclaim na scoile agus cáilíocht an teagaisc. Ní bhaintear úsáid leordhóthanach as cineálacha cur chuige atá bunaithe ar inniúlachtaí nó atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir, gan mórán béime ar fhorbairt bunscileanna ná ar inniúlachtaí ETIM. Tá rannpháirtíocht in oideachas agus i gcúram na luath-óige fós íseal agus míchothrom trasna réigiúin, rud a dhéanann an luathfhoghlaim a theorannú agus a chuireann leis an neamhionannas. Is grúpaí faoi mhíbhuntáiste iad na daoine sin a ndéantar difear ar leith dóibh, lena n-áirítear leanaí Romacha. In ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh le déanaí, tá dúshláin shuntasacha fós roimh ardoideachas na Bulgáire maidir le tallann ardoilte a fhorbairt, go háirithe in ETIM, rud a bhfuil impleachtaí aige don táirgiúlacht agus don nuálaíocht. In ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh le déanaí, tá cáilíocht an teagaisc fós thíos leis de bharr ganntanais múinteoirí, go háirithe in ETIM, deiseanna forbartha gairmiúla neamhleora agus neamh-spriocdhírithe chomh maith le nasc lag idir feidhmíocht agus pá.

(35) D’fhan margadh saothair na Bulgáire docht in 2025, agus tháinig méadú ar an ráta fostaíochta go 77 %, beagán os cionn mheán an Aontais. An tráth céanna, thit an fhostaíocht fhoriomlán don tríú bliain as a chéile, i gcomhréir le treochtaí déimeagrafacha níos leithne, agus d’fhan an dífhostaíocht ag an leibhéal is ísle riamh, is é sin 3,5 %. Leanadh de ghanntanais lucht saothair in ainneoin roinnt comharthaí go bhfuil éileamh níos laige ann, agus thuairiscigh fostóirí i gcónaí go raibh gá le breis agus 230 000 oibrí breise. Tá éagothromaíochtaí réigiúnacha suntasacha fós ann, le difríochtaí fostaíochta idir na réigiúin is fearr agus is measa feidhmíocht a shroicheann níos mó ná 10 bpointe céatadáin. Bhí sciar na ndaoine óga nach raibh fostaithe ná in oideachas agus oiliúint (NEET) fós ard i gcomparáid le meán an Aontais, go háirithe ina measc siúd atá faoi mhíchumas agus i measc na Romach. Bhí torthaí mhargadh an tsaothair fós éagothrom i gcás na ngrúpaí leochaileacha: bhí an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas fós leathan, agus d’ainneoin dul chun cinn suntasach le blianta beaga anuas, lean fostaíocht na Romach de bheith ar gcúl ar an meán náisiúnta, agus d’fhan rátaí NEET i measc na Romach óg chomh hard le 46 %.

(36) Tá ganntanais scileanna fós ag cur isteach ar an iomaíochas. Cé gur tháinig méadú ar sciar na ndaoine a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu in 2025, d’fhan sé i bhfad faoi bhun mheán an Aontais, rud a chuir teorainn le feidhmíocht mhargadh an tsaothair agus le rochtain ar sheirbhísí ar líne, rud a chur leis an mbaol go mbeadh deighiltí sóisialta agus réigiúnacha níos leithne ann. Tá sciar na speisialtóirí TFC faoi mheán an Aontais freisin, agus bhí glacadh gnó IS fós measartha. D’ainneoin rolladh amach leanúnach na n-athchóirithe gairmoideachais agus gairmoiliúna agus rannpháirtíocht réasúnta ard sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint meánscoile uachtaraí, tá mímheaitseálacha leanúnacha scileanna fós ag cur isteach ar thorthaí, ós rud é go bhfuil ráta fostaíochta céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna fós faoi bhun mheán an Aontais agus nach bhfuil sé ailínithe go leordhóthanach le héileamh mhargadh an tsaothair. Tá an Bhulgáir fós go mór chun deiridh ar mheán an Aontais maidir le ráta rannpháirtíochta san fhoghlaim aosach, lena n-áirítear i measc daoine fásta fostaithe. Trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, chuideofaí freisin le feabhas a chur ar cháilíocht na bpost.

(37) Tá dúshláin struchtúracha fós le sárú ag an mBulgáir a bhaineann le laghdú na bochtaineachta, leis an neamhionannas agus leis an gcosaint shóisialta. Neartaíodh an córas cosanta sóisialta trí athchóiriú a dhéanamh ar an scéim ioncaim íosta, arna chomhlánú le fás pá, rud a thacaigh le hioncaim teaghlaigh agus a threisigh bonn maoinithe an árachais shóisialta. Tá meastóireacht fós le déanamh ar thionchar fadtéarmach an athchóirithe ar leordhóthanacht agus ar chumhdach. Tá laghdú tagtha ar sciar na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta ach tá sé fós ard, go háirithe i gcás grúpaí leochaileacha, rud a léiríonn éifeacht theoranta na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta. Tháinig laghdú ar ráta bochtaineachta an lucht oibre ach tá sé fós ar an ráta is airde san Aontas. An ráta riosca bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta (AROPE) do Romaigh agus do dhaoine faoi mhíchumas, bhí sé an-ard, ag 78,3 % agus 43,8 % faoi seach, agus tá an ráta AROPE do leanaí fós i bhfad os cionn mheán an Aontais. Tá feabhas ag teacht ar inrochtaineacht, inacmhainneacht agus cáilíocht seirbhísí sóisialta, a bhuí le hathchóirithe spriocdhírithe a bhaineann le cáilíocht agus mapáil seirbhísí sóisialta, rud a léiríonn dul chun cinn san aistriú ó chúram institiúidithe go cúram pobalbhunaithe agus bailebhunaithe. Mar sin féin, tá riachtanais na seirbhísí sóisialta, go háirithe maidir le cúram fadtéarmach, fós ard agus tá dúshláin fós ann. Le sochaí atá ag dul in aois go tapa, tá tionchar breise ar an éileamh méadaithe ar chúram do dhaoine scothaosta agus ar ghanntanais foirne[18].

[18] SWD(2026)122 – Anailís tíre dara céim ar chóineasú sóisialta i gcomhréir leis an gCreat um Chóineasú Sóisialta (SCF), 2026.

(38) Tá bacainní móra fós roimh an mBulgáir maidir le rochtain ar chúram sláinte, agus bíonn tionchar diúltach aige sin ar ionchas saoil agus ar rátaí mortlaíochta inchoiscthe agus inchóireáilte. Tá an córas sláinte fós dírithe go mór ar an ospidéal, agus sciar an-íseal den chaiteachas dírithe ar chúram othar seachtrach, ar chúram príomhúil agus ar chosc galar in ainneoin líon ard leapacha ospidéil, rátaí arda scaoilte ospidéil agus rátaí áitíochta agus meánfhad fanachta réasúnta íseal. Leis an tsamhail íocaíochta atá ann, dreasaítear cóireáil chaighdeánaithe ospidéil seachas cúram atá curtha in oiriúint do riachtanais aonair. An tráth céanna, tá srian breise ar rochtain mar gheall ar ghanntanais agus dáileadh míchothrom gairmithe sláinte, go háirithe altraí, i gcomhthéacs lucht saothair atá ag dul in aois. Tá íocaíochtaí neamh-in-aisíoctha fós ina mbacainn shuntasach ar rochtain, agus is sa Bhulgáir a thaifeadtar an sciar is airde d'íocaíochtaí den sórt sin sa chaiteachas iomlán ar chúram sláinte san Aontas, mar aon le sciar ard den chaiteachas príobháideach ar chúram d'othair sheachtracha. Cuirtear bac breise ar rochtain ar chúram sláinte mar gheall ar ghlacadh mall agus míchothrom ríomhsheirbhísí sláinte i measc othar agus gairmithe sláinte araon.

(39) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2026 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2026 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na Bulgáire, cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an chéad mholta, an dara moladh agus an tríú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (2) le cur chun feidhme an cheathrú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (3) le cur chun feidhme an seachtú moladh agus an naoú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (4) le cur chun feidhme an seachtú moladh maidir leis an limistéar euro agus cuidíonn moladh (5) le cur chun feidhme an chúigiú moladh maidir leis an limistéar euro.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Bhulgáir in 2026 agus in 2027 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Cloí le huasrátaí fáis an ghlanchaiteachais a mhol an Chomhairle an [dáta], d'fhonn deireadh a chur le heasnamh iomarcach, agus úsáid á baint as an tsolúbthacht faoin gclásal éalaithe náisiúnta arna ghníomhachtú ag an gComhairle. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta agus na slándála a threisiú, agus inbhuanaitheacht fiachais agus éifeachtúlacht caiteachais á n-áirithiú ag an am céanna, chomh maith leis an mbuiséad a oiriúnú de réir a chéile chun caiteachas cosanta atá níos airde ó thaobh struchtúir. A áirithiú gur bearta sealadacha a bheidh i mbearta a dhéanfar chun tionchar an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, agus go mbeidh siad dírithe ar theaghlaigh leochaileacha a chosaint nó ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnólachtaí dianfhuinnimh, dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh a chaomhnú agus a áirithiú go mbeidh a gcostas fioscach comhoiriúnach do na gealltanais faoi chreat fioscach an Aontais. Bearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an ngeilleagar dubh, lena n-áirítear trí na dreasachtaí le haghaidh tearcthuairisciú agus easnamh ioncaim a laghdú, agus cothroime agus acmhainneacht giniúna ioncaim an chórais cánach a fheabhsú. Bailiú cánach a neartú, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar aisghabháil riaráistí, trí thacú le comhlíonadh cánach agus tríd an mbonn ioncaim a leathnú.

2. Leanúnachas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú. Dlús a chur leis na hiarrachtaí chun cláir an bheartais comhtháthaithe a chur chun feidhme, ag tógáil, i gcás inarb iomchuí, ar an ath-leithdháileadh ar thosaíochtaí straitéiseacha agus ar sholúbthachtaí a comhaontaíodh i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma ar chreat an bheartais comhtháthaithe. Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uathúla shocheacnamaíocha, slándála agus ullmhachta sibhialta a dhéanann difear do réigiúin ar theorainn sheachtrach thoir an Aontais, lena n-áirítear an gá atá le hinfheistíocht a dhéanamh i mbonneagar dé-úsáide.

3. Feabhas a chur ar fheidhmiú an riaracháin phoiblí, go háirithe ar an leibhéal fonáisiúnta, trí rialáil a shimpliú agus trí uirlisí rialála a fheabhsú; sreafaí oibre agus seirbhísí a chuíchóiriú agus a dhigiteáil, idir-inoibritheacht a mhéadú ar fud leibhéil rialtais; agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar scileanna státseirbhíseach. Éifeachtacht na mbeart in aghaidh an éillithe a fheabhsú, go háirithe i gcásanna éillithe ardleibhéil, lena n-áirítear trí neamhspleáchas agus feidhmiú éifeachtach na hArdchomhairle Breithiúnaí a neartú. Feabhas a chur ar cháilíocht na nósanna imeachta soláthair phoiblí agus ar a n-éifeachtacht agus neamhspleáchas agus feidhmiú rialtóirí a neartú. Tionchar agus éifeachtacht na hinfheistíochta poiblí T&F a mhéadú.

4. An córas leictreachais a dhícharbónú a thuilleadh agus an spleáchas ar ghiniúint atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise a laghdú, lena n-áirítear trí rolladh amach giniúna cumhachta gaoithe a chur chun cinn, solúbthacht an tsoláthair agus an éilimh a chumasú, bonneagar na heangaí leictreachais a uasghrádú ar an leibhéal dáileacháin agus rialachas corparáideach cuideachtaí faoi úinéireacht stáit san earnáil fuinnimh a athchóiriú chun an trédhearcacht a fheabhsú. Nuachóiriú na gcóras téimh ceantair a chur chun cinn trí dheireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais breoslaí iontaise. Dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh trí bhearta spriocdhírithe. Dícharbónú na tionsclaíochta a spreagadh. Rolladh amach iompair inbhuanaithe uirbigh, phoiblí agus iarnróid a chur chun cinn, lena n-áirítear trí dhlús a chur le hinfheistíochtaí san fhorbairt bonneagair is gá agus sa nascacht iompair i réigiún an Tuaiscirt. Feabhas a chur ar athléimneacht aeráide agus uisce agus ar bhainistiú dramhaíola.

5. Foghlaim inniúlachtbhunaithe a neartú. Cáilíocht an teagaisc a fheabhsú a thuilleadh le hoiliúint múinteoirí de réir riachtanas. Feabhas a chur ar cháilíocht, ábharthacht don mhargadh saothair agus cuimsitheacht an oideachais agus na hoiliúna. Fostaíocht grúpaí faoi ghannionadaíocht a mhéadú. Sealbhú scileanna a neartú, lena n-áirítear foghlaim aosach, chun borradh a chur faoin iomaíochas. Aghaidh a thabhairt ar an gcuimsiú sóisialta trí fheabhas a chur ar an rochtain ar sheirbhísí fostaíochta agus sóisialta atá comhtháite ar bhealach níos fearr, agus ar chúram fadtéarmach pobalbhunaithe, agus trí thacaíocht ioncaim íosta níos éifeachtaí. Éifeachtacht agus inrochtaineacht an chórais sláinte a neartú, lena n-áirítear trí acmhainní a ath-leithdháileadh ó chúram ospidéalbhunaithe go cúram othar seachtrach, íocaíochtaí neamh-in-aisíoctha a laghdú agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais agus ar dháileadh míchothrom gairmithe sláinte ar fud na tíre.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*